An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

Cóineasú agus dibhéirsiú de dhálaí oibre san Eoraip: 1990–2005

Achoimre feidhmiúcháin

Réamhrá

Chuaigh An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) i mbun an cheathrú babhta dá Shuirbhé ar Dhálaí Oibre Eorpacha (EWCS), a gcuireadh tús leis i 1990, in 2005. Le linn na tréimhse 15 bliana, rinneadh athruithe suntasacha ar an Aontas Eorpach ag leibhéil éagsúla. Chuaigh 15 thír nua isteach leis na 12 Bhallstát a bhí san AE i 1990. Dá réir sin, clúdaítear le EWCS na bliana 2005 27 Ballstát an AE (27AE) chomh maith leis an gCróit, an Tuirc, an Iorua agus an Eilvéis. Bhí na hathruithe san AE níos struchtúrtha chomh maith, áfach, agus bhain siad le heagrú iomlán gheilleagar na hEorpa, na margaí saothair agus na dálaí oibre.

Ar an gcaoi sin, tháinig ábhar an EWCS chun cinn go suntasach le linn na tréimhse sin; áirítear níos mó ceisteanna leis anois agus leathnaíodh é óna bheith ag díriú ar rioscaí eirgeanamaíocha níos traidisiúnta go dtí na saincheisteanna iomadúla a bhaineann le cur chuige iltoiseach maidir le dálaí oibre agus, i gcoitinne, maidir le cáilíocht an tsaoil oibre a chuimsiú. Go príomhúil, leis an tuarascáil seo, dírítear ar iniúchadh a dhéanamh ar dhá cheist taighde. Ar an gcéad dul síos, déantar iarracht gluaiseachtaí coibhneasta cóineasaithe nó dibhéirsithe le himeacht aimsire a bhaineann le cáilíocht an tsaoil oibre a fheiceáil thar bhabhtaí éagsúla an EWCS. Ar an dara dul síos, fiosraítear an bhfuil gluaiseachtaí comhchosúla le feiceáil idir tíortha Eorpacha i rith na tréimhse.

Comhthéacs beartais

Léiríodh athruithe struchtúrtha san AE go pointe áirithe agus beartais Eorpacha agus náisiúnta á gceapadh, go háirithe trí Straitéis Fostaíochta na hEorpa agus Straitéis Liospóin. Le staidéir éagsúla a rinneadh le déanaí, áfach, tugtar léargas measctha ar an staid maidir le cáilíocht poist san Eoraip, agus léirítear, in ainneoin go dtugtar roinnt feabhsuithe faoi deara, a bhaineann le timpistí san ionad oibre mar shampla, nach bhfuil feabhas tagtha i ndáiríre ar ghnéithe eile de cháilíocht poist - amhail dianshaothrú na hoibre nó rochtain ar dheiseanna oiliúna. Rinne an Coimisiún Eorpach an measúnú sin cheana féin sa Chumarsáid leantach ar cháilíocht san obair i 2003, agus rinneadh é a athshonrú níos déanaí sa tuarascáil straitéiseach ar an Straitéis Liospóin athnuaite.

Tá na staidéir sin bunaithe ar thacair éagsúla sonraí agus ar tháscairí, agus úsáid á baint as cur chuige go hiomlán acadúil nó cur chuige atá níos mó faoi thiomáint beartais, mar shampla an chreatlach choincheapúil agus na táscairí a comhaontaíodh ag Comhairle Eorpach Laeken i mí na Nollag 2001. Tá bearna shuntasach amháin i gcreatlach na hEorpa maidir le cáilíocht san obair: nach bhfuil táscaire ar bith ann a bhaineann le dálaí oibre. Sa tuarascáil seo, déantar athbhreithniú ó thaobh cháilíocht poist ar na treochtaí i ndálaí oibre mar a léiríodh sna babhtaí EWCS éagsúla lena gcuimsítear na 15 bliana dheireanacha.

Príomhthátail

Leis an iniúchadh ar cháilíocht na hoibre agus na fostaíochta, leagtar béim ar cheithre phríomhghné: gairm agus fostaíocht, sláinte agus folláine, forbairt scileanna agus cothromaíocht oibre-saoil. Áirítear ar gach ceann de na gnéithe sin fo-ábhair lena gcuimsítear na saincheisteanna go léir a chlúdaítear i gceistneoirí an EWCS agus réimse an tsaothair agus na mbeartas sóisialta san Eoraip ina iomláine. Agus scrúdú á dhéanamh ar na réimsí sin – chomh maith le sásamh poist i gcoitinne – chun go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar cháilíocht poist sa chiall is leithne, léirítear le torthaí an tsuirbhé dibhéirsiú coibhneasta san Eoraip agus 12 cheann de na Ballstáit nua (NMS) ag teacht isteach i 2004 agus 2007. Ar meán, léirigh na tíortha sin feidhmíocht níos laige i dtéarmaí cáilíocht poist go dtí seo, ach deimhnítear leis na torthaí chomh maith go bhfuil an bhearna á laghdú acu.

I measc na mBallstát is sine (AE15), dealraíonn sé nach bhfuil an próiseas cóineasaithe ag dul i dtreo na dtorthaí is fearr nó is airde ach go bhfuil siad ag dul i dtreo an mheáin den chuid is mó, agus feidhmíocht níos fearr ann i dtéarmaí cháilíocht poist sa tírghrúpa Angla-Shacsanach arna chothromú ag meathlú sa tírghrúpa Lochlannach. Ag an am céanna, fanann grúpaí na Mór-roinne agus an Deiscirt seasmhach go leor.

Féadfaidh beartais phoiblí dhifriúla chomh maith le speisialtóireachtaí geilleagracha éagsúla cur le héagsúlacht inmheánach sna tírghrúpaí agus sna tíortha féin. Bhí tionchar difriúil ag forbairt na hearnála seirbhíse – i gcomhar leis an titim i ngníomhaíochtaí tionsclaíocha agus talmhaíochta – ar na tíortha éagsúla agus d'fhéadfadh sin na héagsúlachtaí idir tíortha agus tírghrúpaí a mhíniú i bpáirt.

Léirítear leis na torthaí náisiúnta a thugtar sa tuarascáil seo go dtagann leibhéal inathraitheachta ard chun cinn i ngach grúpa. Tá an Fhionlainn ag éirí níos éagsúla ó na tíortha Lochlannacha eile, ach tá na héagsúlachtaí idir an Danmhairg agus an tSualainn níos suntasaí inniu ná mar a bhí 10 nó 15 bliana ó shin. I ngrúpa na Mór-roinne, tá dibhéirsiú á dhéanamh ag an Ísiltír agus, ar scála níos lú, ag an Ostair ó thíortha eile sa ghrúpa. I ngrúpa an Deiscirt, tá an Spáinn níos faide ón Iodáil ná mar a bhí roimhe sin, agus tá cuma níos éagsúla ar an bPortaingéil agus ar an nGréig ó na tíortha eile atá sa ghrúpa ná mar a bhí sna 1990idí.

Ag leibhéal náisiúnta, tá meath ag teacht ar na patrúin dhiúltacha a bhaineann le cáilíocht poist, neamhchosaint ar ghuaiseacha sláinte, obair dheireadh seachtaine agus obair oíche mar shampla, i mbeagnach gach áit. Tháinig feabhas ar chearta oibrithe i dtéarmaí comhairliúcháin agus faisnéise faoi rioscaí. Tá ardú ag teacht ar phatrúin dhiúltacha eile a bhaineann le cáilíocht poist i mbeagnach gach tír, áfach – poist ina bhfuil deiseanna foghlama laga agus rochtain lag ar oiliúint, sealobair nó sceidil oibre neamhsheasta, níos mó déine oibre agus neamhláithreacht a bhaineann le sláinte, mar shampla.

Is ábhar imní faoi leith é an easpa deiseanna oiliúna san ionad oibre. In ainneoin na béime a leagadh ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil i ndioscúrsa agus i mbeartais na hEorpa, agus in ainneoin an mhodha chomhordaithe oscailte shonraigh a bhaineann le hoideachas agus le foghlaim ar feadh an tsaoil, teastaíonn a lán dul chun cinn chun na spriocanna a leagadh amach i Liospóin sa bhliain 2000 a bhaint amach.

Leideanna beartais

- Teastaíonn iarrachtaí níos mó maidir le hoiliúint agus le foghlaim ar feadh an tsaoil chun go gcuirfear feabhas foriomlán ar dhálaí oibre sna tíortha go léir.
- Áirítear diansaothrú oibre agus rátaí neamhláithreachta níos airde ar na rioscaí eile agus ar na torthaí a bhaineann le hobair i dtíortha an AE27 a dteastaíonn aire uathu.
- Tá an fhaisnéis mhionsonraithe ar na forbairtí geilleagracha agus sóisialta sna NMS fós ilroinnte nó baineann sí le raon cúng agus teastaíonn níos mó taighde maidir leis sin.
- Agus 27 Ballstát AE ann, is deacair anailís a dhéanamh ar threochtaí de réir tíortha, mar sin de, is rogha inmharthana é cnuasú (Ballstáit a chur i ngrúpaí bunaithe ar chosúlachtaí). D'fhéadfaí éagsúlacht inmheánach a fholú le cnuasú, áfach, agus d'fhéadfadh go n-eascródh ró-léirmhíniú as sin. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go seolfar anailís de réir tíortha ag an am céanna, agus an éagsúlacht atá ag dul i méid sna cnuasaigh atá ann san áireamh

Tuilleadh taighde

- D'fhéadfadh Eurofound, agus a mhisean agus a acmhainní á gcur san áireamh - suirbhéanna, réadlanna agus maoiniú ar thaighde tánaisteach, mar shampla – ról a imirt maidir le sineirgí a chothú agus le tascfórsa nó grúpa oibre trasnaí ar chnuasú a bhunú.
- Chuideofaí leis an gcéad bhabhta eile den EWCS dá gcuirfí le méid na samplaí náisiúnta, rud a chumasódh anailís níos doimhne ag leibhéil earnála agus réigiúnacha, mar shampla.
- Is réamhchoinníoll é feabhas a chur ar na samplaí náisiúnta san EWCS chun go mbainfear úsáid níos fearr as an EWCS ar mhaithe le monatóireacht bheartas, mar go bhfuil an mhonatóireacht sin bunaithe ar thagarmharc réidh d'fheidhmíocht náisiúnta.

Tuilleadh faisnéise

Tá an tuarascáil ar Chóineasú agus ar dhibhéirsiú de dhálaí oibre san Eoraip: 1990-2005 ar fáil ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef08104.htm.
Tá sonraí, tuarascálacha agus anailís thánaisteach ar na Suirbhéanna ar Dhálaí Oibre Eorpacha ar fáil ar shuíomh idirlín na Réadlainne um Dhálaí Oibre Eorpacha ag http://www.eurofound.europa.eu/ewco/surveys/.

Sara Riso, Oifigeach Idirchaidrimh Eolais
sri@eurofound.europa.eu